

## ***Luaithreach Angela***

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi leagan Gaeilge den leabhar *Angela's Ashes* atá díreach foilsithe. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil aon chur amach agat ar an leabhar *Angela's Ashes*?

**Ceist 2** Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. translation \_\_\_\_\_
2. inspiration \_\_\_\_\_
3. benefit \_\_\_\_\_
4. high-profile \_\_\_\_\_
5. fame \_\_\_\_\_
6. on the author's life \_\_\_\_\_
7. versions \_\_\_\_\_
8. I adhered to \_\_\_\_\_
9. with regard to \_\_\_\_\_

**Ceist 3** Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad a dúirt An tAire Jimmy Deenihan faoin leabhar?
2. Cathain a foilsíodh an leabhar *Angela's Ashes* den chéad uair?
3. An bhfuil sé ar fáil i mórán teangacha eile?
4. Cén áit i Luimneach inar seoladh an leabhar *Luaithreach Angela*?
5. Cén fhad a thóg sé ar Phdraic Breathnach an leabhar a aistriú?
6. Cén áit a mbeidh seoladh eile de *Luaithreach Angela* ar an gcúigiú lá déag den mhí seo chugainn?

**Ceist 4** 'Seo an scannán *Angela's Ashes* a **bunaíodh** ar leabhar iomráiteach Frank Mc Court...'  
'Ba i 1996 a **foilsíodh** an leabhar agus **cuireadh** leaganacha de ar fáil i mbreis is ...'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i **gcló dorcha** thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigh na habairtí thíos. Beidh ort an focal idir lúibíní a athrú.

1. \_\_\_\_\_ go leor de mhuintir an bhaile gan uisce i rith an gheimhridh nuair a phléasc na píopaí. (Fág)
2. \_\_\_\_\_ an seanhalla agus tógadh ionad pobail nua ina áit. (Leag)
3. \_\_\_\_\_ bualadh bos mór do na haisteoirí nuair a tháinig siad amach ar an stáitse ag deireadh an dráma. (Tabhair)
4. \_\_\_\_\_ an chéad duais ar Mháire sa chomórtas scríbhneoireachta don aiste a scríobh sí. (Bronn)
5. \_\_\_\_\_ inniu go mbeidh fiche post le cruthú nuair a chuirfear comhlacht nua ar bun in iarthar na hÉireann. (Fógair)
6. \_\_\_\_\_ téarma príosúnachta sé mhí ar an ngadaí. (Gearr)

**Ceist 5**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaígh an focal ceart ón bhosca chun na bearnaí a líonadh.

*Department of Transport, Tourism and Sport*  
Roinn \_\_\_\_\_, Turasóireachta agus \_\_\_\_\_

*Department of Environment, Community and Local Government*  
\_\_\_\_\_ Comhshaoil, \_\_\_\_\_ agus Rialtais Áitiúil

*Department of Communications, Energy and Natural Resources*  
Roinn \_\_\_\_\_, Fuinnimh agus \_\_\_\_\_ Nádúrtha

*Department of Children and Youth Affairs*  
Roinn \_\_\_\_\_ agus \_\_\_\_\_

*Department of Agriculture, Fisheries and Food*  
Roinn \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_ agus Bia

*Department of Foreign Affairs and Trade*  
Roinn \_\_\_\_\_ agus Trádála

<b>Cumarsáide</b>	<b>Roinn</b>	<b>Gnóthaí Eachtracha</b>
<b>Spóirt</b>	<b>Acmhainní</b>	<b>Iascaigh</b>
<b>Talmhaíochta</b>	<b>Pobal</b>	<b>Gnóthaí Óige</b>
<b>Iompair</b>	<b>Leanaí</b>	

**Ceist 6**

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cé acu ab fhearr leat – scannán a fheiceáil nó leabhar a léamh? Cén fáth?

Is minic a deirtear nach mbíonn scannáin atá bunaithe ar leabhair chomh maith leis na leabhair ar chor ar bith? Cad a cheapann tú faoi seo?

Cén fáth nach léann daoine óga go leor sa lá atá inniu ann, dar leat?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

### Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

- |                         |                          |
|-------------------------|--------------------------|
| 1. translation          | <i>aistriúchán</i>       |
| 2. inspiration          | <i>spreagadh</i>         |
| 3. benefit              | <i>tairbhe</i>           |
| 4. high-profile         | <i>iomráiteach</i>       |
| 5. fame                 | <i>cáil</i>              |
| 6. on the author's life | <i>ar shaol an údair</i> |
| 7. versions             | <i>leaganacha</i>        |
| 8. I adhered to         | <i>chloígh mé le</i>     |
| 9. with regard to       | <i>i dtaca le</i>        |

### Ceist 3

1. Dúirt an tAire go raibh súil aige go dtabharfadh an leabhar spreagadh do níos mó daoine an teanga a fhoghlaim agus gur shíl sé go mbainfeadh go leor scoláirí Gaeilge, anseo agus thar lear, tairbhe as.
2. Ba i 1996 a foilsíodh an leabhar
3. Tá sé ar fáil i mbreis is fiche teanga.
4. Seoladh an leabhar i seanscoil Frank McCourt, áit a bhfuil Músaem Frank McCourt lonnaithe anois.
5. Dhá bhliain a thug sé ar an scríbhneoir Padraic Breathnach é a aistriú.
6. Beidh seoladh eile den leagan Gaeilge *Luaithreach Angela* ag ócáid mhór i Nua-Eabhrac ar an chúigiú lá déag den mhí seo chugainn.

### Ceist 4

Is é an briathar saor atá i gceist anseo.

1. Fágadh
2. Leagadh
3. Tugadh
4. Bronnadh
5. Fógraíodh
6. Gearradh

**Ceist 5**

Department of Transport, Tourism and Sport  
Roinn **Iompair**, Turasóireachta agus **Spóirt**

Department of Environment, Community and Local Government  
Roinn Comhshaoil, **Pobal** agus Rialtais Áitiúil

Department of Communications, Energy and Natural Resources  
Roinn **Cumarsáide**, Fuinnimh agus **Acmhainní** Nádúrtha

Department of Children and Youth Affairs  
Roinn **Leanaí** agus **Gnóthaí Óige**

Department of Agriculture, Fisheries and Food  
Roinn **Talmhaíochta**, **Iascaigh** agus Bia

Department of Foreign Affairs and Trade  
Roinn **Gnóthaí Eachtracha** agus Trádála

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Tá an chéad aistriúchán Gaeilge den leabhar *Angela's Ashes*, is é sin *Luaithreach Angela*, seolta go hoifigiúil ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, Jimmy Deenihan. Dúirt an tAire go raibh súil aige go dtabharfadh an leabhar spreagadh do níos mó daoine an teanga a fhoghlaim agus gur shíl sé go mbainfeadh go leor scoláirí Gaeilge, anseo agus thar lear, tairbhe as. Is é an scríbhneoir Pádraig Breathnach a d'aistrigh an leabhar.

### Caoimhe Ní Chonchoille

Seo an scannán *Angela's Ashes* a bunaíodh ar leabhar iomráiteach Frank McCourt, a tharraing cáil ar chathair Luimnigh agus a chuir síos ar shaol an údair agus ar shaol na cathrach sin ag an am.

Ba i 1996 a foilsíodh an leabhar agus cuireadh leaganacha de ar fáil i mbreis is fiche teanga ó shin. Ach ní raibh leagan Gaeilge ar bith ar fáil go dtí anois.

Is i seanscoil Frank McCourt, áit a bhfuil Músaem Frank McCourt lonnaithe anois a sheol an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta Jimmy Deenihan 'Luaithreach Angela'. Dúirt sé go raibh cáil ar an leabhar fríd an domhan uile<sup>i</sup> agus gur maith an rud é go raibh sé ar fáil inár dteanga dhúchais<sup>ii</sup> anois. Dhá bhliain a thug sé ar an scríbhneoir Pádraig Breathnach é a aistriú.

### Padraic Breathnach, Scríbhneoir

"Tá an leagan Gaeilge anois mar ghluais don leabhar i mBéarla agus daoine nach bhfuil mórán Gaeilge acu, níl aon leithscéal acu nach mbeidís in ann an rud a léamh nó píosáí de sa Ghaeilge<sup>iii</sup> ar aon nós mar féadfaidh siad an leagan Béarla a bheith acu agus chloígh mé chomh cruinn sin i dtaca le struchtúr an ruda".

### Caoimhe Ní Chonchoille

Tá an leabhar le fáil sa Siopa<sup>iv</sup> Leabhar ar Shráid Fhearchair sa phríomhchathair faoi láthair agus tá súil go mbeidh sé i siopaí leabhar eile gan mhoill. Tá cúig bliana déag caite ó seoladh an leabhar *Angela's Ashes* i Nua-Eabhrac den chéad uair. Beidh seoladh eile den leagan Gaeilge *Luaithreach Angela* ag ócáid mhór sa chathair chéanna ar an chúigiú lá déag den mhí seo chugainn. Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4 i Luimneach

---

<sup>i</sup> uilig a deirtear

<sup>ii</sup> dúchais a deirtear

<sup>iii</sup> sa nGaeilge a deirtear

<sup>iv</sup> sa tSiopa a deirtear